Rewarding Learning

Teastas Ginearálta an Mheánoideachais

Gaeilge

Measúnú Rialaithe

Tasc 1: Léamh agus Scríobh i nGaeilge

[G9573]

Le cur isteach i mí na Bealtaine 2025

EOLAS

Tá 40 marc san iomlán ar fáil sa tasc seo.

Tá uair amháin agat leis an tasc seo a chríochnú.

Níl cead foclóirí, teasáras, litreoir agus gramadóir ná an t-idirlíon a úsáid.

Tá cead ag iarrthóirí cóip ghlan den téacs a úsáid.

Tá cead ag iarrthóirí an pro forma a d'ullmhaigh siad a úsáid gan níos mó ná 40 focal scríofa air. Is féidir ceannteidil nó urcharphointe a scríobh mar chuid den 40 focal. Is féidir briathra agus nathanna cainte a scríobh ach níl cead abairtí ná paragraif iomlána a scríobh.

Ní mór cloí leis na Rialacha mar a leagtar amach iad i Sonraíocht an Ábhair.

NB: Uaireanta bíonn níos mó ná leathanach amháin ar threoir don Mheasúnú Rialaithe. Déan seic, le do thoil, go bhfuil an t-eolas uilig atá de dhíth ort leis an tasc a chríochnú agat má bhíonn tú á phriontáil ó ríomhaire.

Samhradh 2025

Léamh agus Scríobh: Tasc 1

Comhthéacs 5: Scríobhfaidh an t-iarrthóir aiste shínte ar dhá théacs liteartha, faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Téama: *An Grá*

Cuspóir: Le freagairt phearsanta a léiriú ar na téamaí, ceisteanna, carachtair srl, sna téacsanna a ndearnadh staidéar orthu.

Am: 1 uair a chloig

Measúnú Rialaithe Gaeilge TGMO Léamh agus Scríobh

Tasc 1:

Téamaí: An Grá

Aiste shínte a scríobh ar an ábhar seo a leanas:

Trí úsáid shoiléir éifeachtach an ábhair léitheoireachta Gaeilge a ndearna tú staidéar air, déan comparáid agus codarsnacht ar an dóigh a léirítear **An Grá** in dhá théacs liteartha. Caithfidh tú téacs amháin ón fhicsean (m.sh. gearrscéal nó úrscéal) agus téacs amháin ón neamhfhicsean (m.sh. alt nó dán) a chlúdach san aiste.

- Déan tagairt don dóigh a léiríonn an t-údar/file na téamaí.
- Bain úsáid as tagairtí ó na leabhair/na dánta/na hailt a léigh tú agus luaigh an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ort.
- Tabhair do bharúil féin ar na leabhair/na dánta/na hailt a léigh tú agus luaigh an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ort.